Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S. 92/09

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Maidir le: an leabhrán *Foirmlí agus Táblaí*

A Phríomhoide, a chara,

Tá mé ag scríobh maidir leis na Ciorcláin S.56/09 agus S.60/09 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit faoin leabhrán nua *Foirmlí agus Táblaí*. Mar a cuireadh in iúl cheana, beidh an leabhrán nua seo in úsáid i **scrúduithe 2010 agus ina dhiaidh sin**, agus ní chuirfear an seanleabhrán *Táblaí Matamaitice* ar fáil a thuilleadh.

Ó foilsíodh an leabhrán nua, cuireadh roinnt earráidí cló ar ár súile dúinn. Chomh maith leis sin, chuaigh daoine i dteagmháil linn faoi mhionleasuithe eile a dhéanamh. Ar an ábhar sin, leasófar an dara cló den leabhrán leis na nithe sin a chur san áireamh. Tá sonraí na leasuithe sin le feiceáil san aguisín atá leis seo.

Tugtar faoi deara gurb é an leagan leasaithe a chuirfear ar fáil do na hiarrthóirí i scrúduithe 2010 agus ina dhiaidh sin. Meabhraítear do na hiarrthóirí freisin nach mbeidh cead acu a gcóip féin den leabhrán a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ós rud gur mionleasuithe iad, nílimid ag moladh dóibh siúd a cheannaigh an leabhrán cheana féin cóip nua a cheannach ina áit. B'fhéidir, áfach, gur mhaith le múinteoirí agus le scoláirí na leasuithe atá leis seo a bhreacadh ar na cóipeanna atá acu cheana. Tá cóip den chiorclán seo agus den aguisín ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiúin na Scrúduithe Stáit www.examinations.ie chomh maith.

Iarrtar ar údaráis bhainistíochta na scoileanna an t-eolas seo a thabhairt d'ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar an mbord bainistíochta, nó d'ionadaithe cuí eile de chuid na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, lena chur ar aghaidh chuig tuismitheoirí agus múinteoirí eile.

Má tá aon cheist agat faoin gciorclán seo, glaoigh ar (090) 644 2765 le do thoil.

Tom Carney,
Príomhoifigeach Cúnta
Nollaig, 2009

Aguisín: Leasuithe ar an gcéad chló den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí*

Leasú
Ar leathanach 13, tá an lipéad (1, 0) ar an bpointe **i mbarr** an chiorcail aonaid ach tá sin mícheart. (0, 1) ba chóir a bheith ann.

Tá an léaráid leasaithe le feiceáil anseo.



Leasú agus Eolas Nua
Ar leathanach 64, tugtar an "teocht chaighdeánach" mar 273.16 K.
273.15 K ba chóir a bheith ann.

Cuirfear isteach mír nua eolais díreach faoin teocht chaighdeánach á chur in iúl gurb ionann tríphointe an uisce agus 273.16 K.

Is mar leanas a bheidh an mhír cheartaithe agus an mhír nua eolais:

teocht chaighdeánach	273.15 K	standard temperature
tríphointe an uisce	273.16 K	triple point of water

Eolas Nua
Cuirfear isteach an fhoirmle i gcomhair na n-uillinneacha idir dhá líne sa rannóg ar na leathanaigh 18 agus 19 a bhaineann le *Céimseata Chomhordanáideach*. Beidh leagan amach na bhfoirmlí eile ar an dá leathanach sin le leasú mar gheall ar an eolas nua. Mar leanas a bheidh an t-eolas nua:

uillinneacha idir dhá líne dar fánaí m_1 agus m_2	$\tan\theta = \pm\dfrac{m_1 - m_2}{1 + m_1 m_2}$	angles between two lines of slopes m_1 and m_2

Leasú
Ar leathanach 18, leasófar an fhoirmle i gcomhair an phointe a roinneann [*PQ*] sa chóimheas *a* : *b* sa chaoi go mbeidh ainmneoirí na gcodán san ord "*b* + *a*" seachas "*a* + *b*". Cé go bhfuil an bunleagan ceart, cuideoidh an leagan leasaithe seo leis an léitheoir an fhoirmle a chur in oiriúint sa chás a mbíonn roinnt sheachtrach ann. Is mar leanas a bheidh an t-eolas leasaithe:

pointe a roinneann [*PQ*] sa chóimheas $a : b$	$\left(\dfrac{bx_1 + ax_2}{b + a}, \dfrac{by_1 + ay_2}{b + a}\right)$	point dividing [*PQ*] in the ratio $a : b$